


Gníomhaíochtaí Daltaí: Aicsiom

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Aicsiom” ar CD an Dalta.



1. Tarraing an barra sleamhnán ar dheis. Cad a thugann tú faoi deara?
-

2. Tarraing an barra sleamhnán ar chlé. Cad a thugann tú faoi deara?
-

3. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 45^\circ$. Cé mhéad céim atá san uillinn athfhillteach ABC, an dóigh leat? _____

4. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 180^\circ$. Tabhair faoi deara go n-imíonn an abairt “**Ní uillinn dhíreach í an uillinn ABC**”. Cén tátal a bhainfeá as an méid sin?
-

5. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 90^\circ$. Cad a thugtar ar uillinn a bhfuil an tomhas sin inti?
-

6. Tarraing an barra sleamhnán ó chlé go deas, ar feadh na líne uile. Cé mhéad céim atá déanta ag an bpointe C? _____

7. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 180^\circ$. Cad is féidir a rá faoi na pointí A, B agus C? _____

8. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 120^\circ$. Cad a thugtar ar uillinn den chineál sin? _____

9. Tarraing an barra sleamhnán agus déan an uillinn $ABC = 38^\circ$. Cad a thugtar ar uillinn den chineál sin? _____

10. Cliceáil an ticbhosca sa chomhad idirghníomhach, agus feicfidh tú foclaíocht an aicsiom. An é sin an tátal a bhain tú as? _____